Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/0187(CNS)

19.11.2024

*

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta
(COM(2024)0316 – C10-0112/2024 – 2024/0187(CNS))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Malik Azmani

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CONTENTS

Page

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta
(COM(2024)0316 – C10-0112/2024 – 2024/0187(CNS))

(An gnáthnós imeachta reachtach – comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2024)0316),

– ag féachaint d'Airteagal 77(3), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0112/2024),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2024),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl don Pharlaimint má tá sé beartaithe aici imeacht ón téacs a d'fhormheas an Pharlaimint;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an téacs a d'fhormheas an Pharlaimint a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta, tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2021; Bunaíodh leis íoschaighdeáin choiteanna maidir le gnéithe slándála agus formáid na ndoiciméad a áirítear ina raon feidhme agus bhí sé mar chuid de Phlean Gníomhaíochta mhí na Nollag 2016 chun an fhreagairt Eorpach ar chalaois doiciméad taistil mar chumasóir sceimhlitheoireachta agus coireachta eagraithe (COM(2016)790) a neartú.

Ina seasamh in 2018, leag Parlaimint na hEorpa béim ar an tábhacht a bhaineann le caighdeáin slándála fheabhsaithe do dhoiciméid den sórt sin, ní hamháin sa chomhrac i gcoinne calaois doiciméad agus goid aitheantais, ach freisin chun feidhmiú an chirt chun saorghluaiseachta laistigh de AE a éascú. Tugadh tábhacht ar leith do thabhairt isteach na gcaighdeán is airde is féidir maidir le cosaint sonraí agus slándáil sonraí, go háirithe i dtaobh sonraí bithmhéadracha, chomh maith le mionaoisigh a chosaint. D'áitigh an Pharlaimint freisin go mbeadh bratach AE ar gach cárta aitheantais agus doiciméad cónaithe mar shiombail infheicthe de 'shaoránacht AE' chomh maith le céannacht náisiúnta na saoránach, rud a thabharfadh cosaint agus cearta breise dóibh.

Ina breithiúnas an 21 Márta 2024 (cás C-61/22, Landeshauptstadt Wiesbaden), dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go raibh Rialachán (AE) 2019/1157 neamhbhailí mar gheall ar bhunús dlí mícheart a bheith roghnaithe. De réir na Cúirte, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1157 a ghlacadh ar bhonn Airteagal 77(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena bhforáiltear do nós imeachta reachtach speisialta, in ionad Airteagal 21(2) CFAE. Chinn an Chúirt freisin gur cheart éifeachtaí Rialachán 2019/1157 a choinneáil go dtí go dtiocfadh rialachán bailí i bhfeidhm ina ionad agus shainaithin sí tréimhse 2 bhliain ón 1 Eanáir den bhliain tar éis dháta tugtha a breithiúnais mar thréimhse réasúnta chun an rialachán nua a ghlacadh.

Diúltaíodh d'fhorais eile a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le neamhbhailíocht Rialachán (AE) 2019/1157 a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, i.e. a mhainneachtain líomhnaithe Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh.

An 23 Iúil 2024, chuir an Coimisiún Eorpach dréacht-Rialachán ón gComhairle ar aghaidh maidir le slándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus a n-áiteanna cónaithe a neartú doiciméid arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta, a bunaíodh, mar a d'fhorordaigh an Chúirt Bhreithiúnais, ar Airteagal 77(3) CFAE. Leis an togra nua, atáirgtear téacs Rialachán (AE) 2019/1157 den chuid is mó mar a ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle é. Mar a tugadh faoi deara i meabhrán míniúcháin an Choimisiúin a ghabhann leis an togra, moladh líon teoranta athruithe ar théacs 2019 chun na coigeartuithe nós imeachta is gá a ionchorprú agus chun an méid a thit amach ó glacadh Rialachán (AE) 2019/1157 a mheas.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún sa mhéid a léirítear ann go bunúsach an téacs a d'fhormheas an Pharlaimint in 2019, a bhfuil a chur chuige agus a chuspóirí fós bailí sa chomhthéacs reatha, agus aontaíonn sé leis an measúnú nár cheart ach athruithe teoranta a thabhairt isteach sa Rialachán ón gComhairle atá á bhreithniú i gcomparáid le Rialachán (AE) 2019/1157.